Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Iúil 2026
(OR. en)

10262/26

LIMITE

CORLX 588
CFSP/PESC 861
EPF AM 88
COPS 336
POLMIL 228
CSDP/PSDC 364
EUMC 220
CSC 386
COAFR 173

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2025/2377 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Phoblacht Dhaonlathach an Chongó |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2025/2377 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Phoblacht Dhaonlathach an Chongó**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 24 Samhain 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/2377[1] lenar bunaíodh beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Phoblacht Dhaonlathach an Chongó.

(2) Ba cheart bainistiú an bhirt cúnaimh sin a athrú ó bhainistíocht dhíreach go bainistíocht indíreach, ós rud é go gcomhlíonann an gníomhaí cur chun feidhme na coinníollacha is gá anois.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2025/2377 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (CBES) 2025/2377 ón gComhairle an 24 Samhain 2025 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L, 2025/2377, 25.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2377/oj).



PUBLIC

*Airteagal 1*

*Leasuithe ar Chinneadh (CBES) 2025/2377*

I gCinneadh (CBES) 2025/2377, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4(2):

'2. Is é *Économat des Armées* a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(3) a chur chun feidhme.'.

*Airteagal 2*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PUBLIC